www.wildatlanticnature.ie
info@wildatlanticnature.ie

25 Meitheamh, 2025

**Maidir le: Léiriú spéise maidir le hAthchóiriú ó Fhoraois go Portach de chuid Nádúr an Atlantaigh Fhiáin LIFE IP**

**Cúlra**

Oibríonn Dúlra an Atlantaigh Fhiáin LIFE IP go dlúth le feirmeoirí, pobail áitiúla agus úinéirí talún chun ár líonra Limistéar Caomhantais Speisialta (LCS) de bhratphortaigh agus limistéir ghaolmhara a chaomhnú agus a athchóiriú.

**Plandálacha foraoiseachta ar bhratphortach**

Bhí plandú tráchtála buaircíneach ar thailte portaigh mar chleachtas coitianta in Éirinn le céad bliain anuas agus thug sé buntáistí socheacnamaíocha gearrthéarmacha tábhachtacha d'an-chuid ceantar. Tá a fhios againn anois go mbíonn tionchair dhiúltacha go minic ag an bhforaoisiú ar an gcomhshaol ar bhratphortaigh. Bhí an-chuid plandálacha lonnaithe i limistéir móna doimhne le maoschláir arda a raibh rátaí fáis an-lag mar thoradh orthu. Le haghaidh go leor úinéirí talún, tá luach airgeadúil an bhairr íseal agus tá ualaí airgeadais breise ann maidir le costais árachais leanúnacha agus bacainní rialála, go háirithe má tá siad lonnaithe taobh istigh de láithreáin ainmnithe nó láithreáin atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de nó cóngarach dóibh.

**Athchóiriú ó fhoraois go portach**

Is éard atá i gceist le hathchóiriú ó fhoraois go portach ná plandálacha buaircíneacha a bhaint de limistéir a bhí ina dtailte portaigh oscailte tráth, agus é mar aidhm leis cáilíocht gnáthóige a fheabhsú agus astaíochtaí carbóin a laghdú. Is féidir le hathchóiriú ó fhoraois go portach a bheith ina ghnóthas casta costasach mar gheall ar dhíghrádú forleathan ghnáthóg na dtailte portaigh agus mar gheall ar chastachtaí praiticiúla agus rialála breise a bhaineann le deireadh a chur leis an bhforaoiseacht agus úsáid talún a athrú.

**Glao ar léirithe spéise**

Tá Nádúr an Atlantaigh Fhiáin LIFE IP ag lorg léirithe spéise (LS) anois ó úinéirí talún a bhfuil tailte acu laistigh de láithreán ainmnithe, nó gar dó, a bhféadfadh suim a bheith acu a bhforaoiseacht a athrú ar ais chuig talamh portaigh oscailte.Is é an rún atá ann an leibhéal spéise atá ann a fhiosrú agus tosaíocht a thabhairt do láithreáin a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hathchóiriú i gcás ina mbeadh cistiú ar fáil.

Comhlánaigh an fhoirm atá i gceangal leis seo más mian leat go ndéanfaí do phlandáil foraoiseachta a mheas le haghaidh athchóiriú ó fhoraois go portach.

Ba chóir an fhoirm a sheoladh ar ais chuig:

**Eoin McGreal, Oifig Dhúlra an Atlantaigh Fhiáin LIFE IP, Sráid Chaisleán an Bharraigh, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo, F28 Y273, NÓ** trí ríomhphost chuig **eoin.mcgreal@housing.gov.ie.**

Is é an spriocdháta chun LSanna a fháil **Dé hAoine, 26 Meán Fómhair, 2025**.

Le dea-ghuí,

Derek McLoughlin

Derek McLoughlin
**Bainisteoir Tionscadail**

This project has received funding from the European Union's LIFE programme under Grant Agreement No. LIFE18 IPE/IE/000002.

## Athchóiriú ó Fhoraois go Portach de chuid Nádúr an Atlantaigh Fhiáin LIFE IP

Is mian liom go ndéanfaí mo phlandáil foraoiseachta a mheas le haghaidh athchóiriú maidir le foraois go portach:

*Bain úsáid as BLOCLITREACHA nuair a chomhlánaíonn tú do chuid sonraí thíos*

**Ainm(neacha):** ______________________________

**Seoladh:** ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**Guthán:** ______________________________

**Ríomhphost:** ______________________________

**Sínithe:** ______________________________

**Dáta:** ______________________________

## Sonraí Foraoiseachta

| Sonra | Freagra |
|---|---|
| Suíomh (Talamh an Bhaile) | |
| Contae | |
| Méid (ha) | |
| Uimhir Fóilió Talún | |
| Aois na Foraoise (Blianta) | |
| Timthriall rothlaithe, e.g. an chéad rothlú, an dara rothlú? | |
| An bhfuil sé suite laistigh de shuíomh ainmnithe nó in aice leis (más eol)? TÁ/NÍL | |
| Ainm an láithreáin ainmnithe (más eol) | |
| An bhfuil speicis ionracha, e.g. róslabhras, i láthair ar an láithreán? TÁ/NÍL | |
| An raibh an láithreán foraoiseachta faoi réir ceadanna roimhe seo, e.g. iarratas ar Cheadúnas Leagtha Crann? TÁ/NÍL | |
| An bhfuil aon ghníomhaíocht eile beartaithe don láithreán foraoiseachta, e.g. forbairt feirme gaoithe, Scéim Coillearnaí Dúchasacha, etc.? TÁ/NÍL | |
| Ráitis Eile | |

Seol an fhoirm chríochnaithe seo ar ais, le do thoil, chuig: **Eoin McGreal, Oifig Nadúr an Atlantaigh Fhiáin LIFE IP**
**Sráid Chaisleáin an Bharraigh,Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo, F28 Y273, NÓ** trí ríomhphost chuig eoin.mcgreal@housing.gov.ie.